Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Ráiteas Straitéise 2021 go 2025 BIÉ

## Athbhreithnithe - Deireadh Fómhair 2023



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Fáilte chuig ár Ráiteas Straitéise athbhreithnithe. Tá go leor athraithe ó d'fhoilsíomar ár mbunráiteas do 2021 – 2025 agus féachann an t-athbhreithniú seo leis an timpeallacht ina bhfuilimid anois a léiriú. Feidhmíonn sé freisin mar dhroichead chuig straitéis spreagúil a bheidh ann tar éis 2025.

Tá bonneagar den scoth mar bhunús ag geilleagar bríomhar agus beidh ról tábhachtach ag BIÉ i gcónaí chun é seo a sheachadadh dár dtír. Cibé an bhfuil tú ag taisteal chun na hoibre, ag bogadh earraí timpeall na tíre, nó ag tabhairt cuairte ar theaghlach nó ar chairde, ba cheart duit a bheith ag súil go dtiocfaidh tú go sábháilte chuig do cheann scríbe. Leanfaimid le sábháilteacht a chur i gcroílár na gcinntí a bhfuilimid freagrach astu.

Tá impleachtaí móra ag an athrú ar ár n-aeráid dúinn go léir. Trínár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide leagamar amach conas a laghdóimid ár n-astuithe díreacha agus ár n-úsáid fuinnimh. Tá tús curtha againn freisin le tionscadail chun na hastuithe corpraithe sa bhonneagar a sholáthraímid a laghdú. Agus an bonneagar luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha á sholáthar agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir breoslaí eile níos inbhuanaithe a chur ar fáil, ar nós hidrigin, beidh ról tábhachtach againn maidir le hastaíochtaí ó iompar de bhóthar a laghdú freisin.

Tá infheistíochtaí tábhachtacha déanta ag an tír sa bhonneagar bóithre agus iarnróid éadroim agus beidh cosaint agus athnuachan na sócmhainní riachtanacha sin mar thosaíocht againn i gcónaí, ag cinntiú go mbeidh siad mar bhonn agus mar thaca ag ár ngeilleagar do na glúnta atá le teacht. Leanfaimid le measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh athruithe san aeráid sa todhchaí dul i bhfeidhm ar ár sócmhainní, agus déanfaimid ár gcur chuige maidir le bainistiú sócmhainní a choigeartú dá réir.

Táimid buíoch as an treoir atá faighte againn ón Aire agus ón Roinn Iompair maidir le conas a sholáthraímid gnéithe den Phlean Forbartha Náisiúnta. Tugann seachbhealaí deis chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha inár mbailte agus sráidbhailte agus beidh siad ina ngné thábhachtach dár bpleananna don todhchaí. Forbróimid lánaí bus ar bhóithre náisiúnta freisin chun roghanna iompair phoiblí a fheabhsú dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar charr.

Leanfaimid ar aghaidh le ról tábhachtach a bheith againn maidir le roghanna taistil gníomhacha a sholáthar ar nós féarbhealaí agus, tar éis ár gcuid oibre ar an nGréasán Náisiúnta Raonta Rothar, sainaithneoimid ceantair inar féidir le rotharbhealaí roghanna taistil inbhuanaithe a sholáthar.

Tá sé de dhualgas orainn freisin bonneagar na todhchaí a sheachadadh. Soláthróidh Metrolink seirbhís olliompair a rachaidh chun tairbhe cheantar Bhaile Átha Cliath agus a fheabhsóidh rochtain ar an gcuid eile den tír dóibh siúd a thagann go hÉirinn. Tá athrú déanta ag líonra Luas ar thaisteal laistigh de Bhaile Átha Cliath agus beidh an-luach ar ár dtaithí agus cathracha eile ar fud na tíre ag smaoineamh ar a roghanna taistil.

Is eagraíocht an-bheag í BIÉ le foireann de dhaoine atá an-ghairmiúil, eolasach agus tiomanta. Agus fós, mar is léir ón Ráiteas Straitéise seo, tá sainchúram an-mhór againn. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta againn agus an líon ceart daoine chun an méid a theastaíonn uainn a sheachadadh. Nuair a theastaíonn scileanna nó acmhainní nua uainn, aithneoimid iad seo ionas nach gcuirfear moill ar thionscadail agus ar sheirbhísí.

Tuigimid i gcónaí, agus muid ag soláthar bonneagair agus seirbhísí, go gcaitheann muid airgead an phobail. Leanfaimid ag soláthar luach ar airgead agus bonneagar a bheidh in ann leas a bhaint amach do mhuintir na hÉireann i bhfad amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le muintir BIÉ as an méid iontach luachmhar atá déanta acu leis an Ráiteas Straitéise seo, agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord a sholáthraíonn, trí leas a bhaint as a dtaithí ollmhór, an chomhairle agus an treoir a theastaíonn don eagraíocht chun a bheith rathúil.



**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidmeannach

Tá an Ráiteas Straitéise bunaidh 2021 – 2025 tar éis freastal go maith orainn le trí bliana anuas. Go háirithe, chabhraigh luachanna na hInbhuanaitheachta, an Chomhoibrithe, na Nuálaíochta, na Sláine agus Spiorad na Seirbhíse Poiblí linn a choinneáil ar chomhréim tríd an tréimhse fhada cianoibre a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le scaipeadh Covid – 19. Mar gheall ar an ailíniú sin agus ar an dlúthchaidreamh oibre atá ag foireann BIÉ lenár gcomhghleacaithe san údarás áitiúil, ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ón Roinn Iompair is féidir leanúint ar aghaidh ag seachadadh an bhonneagair agus na seirbhísí atá curtha de chúram orainn. Féachann an t-athbhreithniú seo ar an Ráiteas Straitéise lenár dtiomantas do na luachanna sin agus do na Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha a leagamar síos i 2020 a athdhearbhú. D'aithin an próiseas athbhreithnithe le déanaí réimsí freagrachta nár tagraíodh go soiléir dóibh sa bhunráiteas Straitéise. Is freagrachtaí breise iad cuid acu a fhaightear trí reachtaíocht agus trí bheartais nua i réimsí mar bhonneagar luchtaithe Feithiclí Leictreacha agus an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide. I gcásanna eile, tá feasacht mhéadaithe ar ár bhfreagracht i réimsí gníomhaíochta reatha. Teastaíonn cur chuige feabhsaithe nó cur chuige éagsúil ó na gníomhaíochtaí seo mar gheall ar ár dtuiscint athraithe ar ghéarchéim na bithéagsúlachta, na féidearthachtaí a chruthaítear trí anailís sonraí agus na buntáistí is féidir a bhaint amach trí leibhéil níos airde d'fhócas ar chustaiméirí inár seachadadh seirbhíse.

Tá muinín agam go gcabhróidh an Ráiteas Straitéise leasaithe treoir a sholáthar dúinn go léir agus muid ag leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár sainordaithe don stát.



**Peter Walsh**
**Príomhfheidhmeannach**



# An Ráiteas Straitéise seo de chuid BIÉ a Fhorbairt

Ráiteas atá sa cháipéis seo den straitéis a dtabharfaidh BIÉ aghaidh uirthi i rith na tréimhse idir 2021 agus 2025.

Léirítear inár straitéis an breithniú cúramach a rinne BIÉ ar an méid seo a leanas:

- beartais, straitéisí, pleananna agus creataí náisiúnta a bhaineann le hiompar agus ar chuir BIÉ lena bhforbairt;
- forbairtí agus treochtaí ábhartha i dtimpeallachtaí geilleagracha, sóisialta, teicniúla agus dlíthiúla; agus
- Cumas BIÉ chun leanúint ag cur lena shainchúram reachtúil agus le torthaí a bhaint amach i gcomhréir lena shainchúram reachtúil.

Tacóidh cur i bhfeidhm straitéis seo BIÉ, ach go háirithe, le straitéis iompair náisiúnta a chur i bhfeidhm, faoi mar a chinnfidh an Roinn Iompair.

**An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030**

**Ráiteas Straitéise na Roinne Iompair 2023-2025**

Straitéis Tarlaithe Bóthair 2022-2031

**Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023**

Ráiteas Straitéise 2023-2025 an **ÚNI**




**An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042

**Sainchúram Reachtúil agus Dualgais Reachtúla Áirithe BIÉ**

Roads Acts 1993-2015

Transport (Railway Infrastructure) Act 2001

An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre 2023

**Tionscadal Éireann 2040**

**Creat Náisiúnta Pleanála**

**An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030**

Infheistiú inár dTodhchaí Iompair: Creat Infheistíochta Straitéiseach um Iompar ar Tír (an Roinn Iompair)

An Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

# Cuspóir, Fís agus Luachanna

## Cuspóir

Is ann do BIÉ chun cuspóir tábhachtach lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhlíonadh, a dhéanann difear do shaol saoránach agus cuairteoirí araon ar bhonn laethúil. Is é ár gcuspóir chun bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, caighdeán níos fearr beatha a sholáthar, tacú le borradh geilleagrach agus meas a léiriú ar an timpeallacht.

## Fís

**Táimid meáite, agus ár gcuspóir á chomhlíonadh againn, chun trí aidhm uileghabhálacha a bhaint amach, a chruthaíonn ár bhfís nuair a chuirtear le chéile iad:**

- A chinntiú go bhfuil bonneagar náisiúnta bóithre agus iarnróid éadroim na hÉireann sábháilte agus athléimneach, inrochtaineacht agus soghluaisteacht inbhuanaithe níos fearr a sholáthar do dhaoine agus earraí;
- Bheith chun tosaigh i seachadadh agus i bhfeidhmiú bonneagair agus seirbhísí iompair inbhuanaithe; agus
- A bheith aitheanta mar eagraíocht a bhfuil meas aici ar a muintir, ar chustaiméirí, ar chomhpháirtithe agus ar an gcomhshaol.

## Luachanna

5

**Léirítear inár mbealach oibre cúig chroíluach a roinntear agus a chuirtear chun cinn i measc bhaill foirne uile BIÉ:**

- **Inbhuanaitheacht:** Tugaimid tús áite d'inbhuanaitheacht inár gcinnteoireacht, sa pháirt a ghlacaimid i ndul i ngleic leis na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta;
- **Comhoibriú:** Comhlíonaimid ár gcuspóir trí obair bhuíne, cumarsáid agus comhpháirtíocht éifeachtach.
- **Nuálaíocht:** Lorgaímid chun luach a chruthú a bhaineann lenár gcuspóir trí réitigh nua agus níos fearr a chur i bhfeidhm.
- **Iomláine:** Spreagaimid iontaoibh trí ionracas, cothroime agus cuntasacht.
- **Meanma na Seirbhíse Poiblí:** Táimid tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin agus luach a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann agus do dhaoine a thugann cuairt ar Éirinn.

# Spriocanna

Táimid tiomanta do na spriocanna seo a leanas a bhaint amach, a sainaithníodh mar spriocanna a thacaíonn lenár gcuspóir, agus aithnímid i gcomhthráth ár bhfís agus ár gcroíluachanna:



Spriocanna

## Cuspóir

Is ann do BIÉ chun cuspóir tábhachtach lena mbaineann tábhacht straitéiseach a chomhlíonadh, a dhéanann difear do shaol saoránach agus cuairteoirí araon a bhonn laethúil. Is é ár gcuspóir chun bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar, caighdeán níos fearr beatha a sholáthar, tacú le borradh geilleagrach agus meas a léiriú ar an timpeallacht.

### Sármhaitheas Eagraíochta

Dea-chleachtas sa rialachas agus sa bhealach a thugaimid faoinár ngnó in BIÉ a chur i bhfeidhm, ardchaighdeán gairmiúlachta, comhlíonta, dearbhaithe a bhaint amach agus luach ar airgead a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid.

### Bonneagar Reatha

Saolré an bhhonneagair bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim a oibriú, a chothabháil agus a shíneadh le sábháilteacht agus éifeachtúlacht ár ngréasáin iompair a chinntiú, lena chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar acmhainní comhshaoil agus lena chinntiú go gcuirtear leis an aistriú go dtí sochaí ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

### Bonneagar Nua

Bonneagar náisiúnta bóithre, iarnróid éadroim, meitreo agus Taistil Ghníomhaigh a sholáthar, a chuireann le borradh dlúth, soghluaisteacht inbhuanaithe, inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach agus an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

### Seirbhísí

Córais iarnróid éadroim, dolaí agus rialaithe tráchta BIÉ a oibriú agus cur le leictriú agus digitiú an iompair, a rachaidh chun sochair ár gcustaiméirí agus a chuirfidh le soghluaisteacht inbhuanaithe agus dícharbonú an iompair.

### Sábháilteacht

An riosca i dtaobh imbhuailtí, gortuithe agus básanna ar á mbonneagar iarnróid éadroim agus bóithre agus an líon díobh a laghdú.

### Daoine

Cumas ár ndaoine a chothabháil, a fheabhsú agus a shaothrú, agus luachanna BIÉ á gcur chun cinn i gcomhthráth, lena chinntiú go soláthraítear ár spriocanna.


### Rannphháirtíocht agus Comhoibriú

Páirt a ghlacadh agus comhoibriú, agus comhpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh le páirtithe seachtracha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun tacú lenár straitéis a bhaint amach.

## Cuspóirí Straitéiseacha

Chun ár spriocanna a bhaint amach, caithfidh go n-éireoidh linn tabhairt faoi réimse dúshlánach cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach laistigh de thréimhse na straitéise seo.

Tacóidh gníomhartha ar leith leis na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach anseo istigh don tréimhse ó 2021 go 2025. Beidh na gníomhartha sin le cur san áireamh i bpleananna bliantúla, beidh siad le sannadh do dhaoine aonair atá freagrach as iad a chomhlíonadh agus déanfar monatóireacht leanúnach orthu.



| Spriocanna | Cuspóirí Straitéiseacha |
|---|---|
| **Bonneagar Reatha**<br>Saolré an bhhonneagair bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim a oibriú, a chothabháil agus a shíneadh le sábháilteacht agus éifeachtúlacht ár ngréasáin iompair a chinntiú, lena chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar acmhainní comhshaoil agus lena chinntiú go gcuirtear leis an aistriú go dtí sochaí ísealcharbóin agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide. | 1. An bonneagar reatha a chothabháil agus a athrú chun básanna, gortuithe agus rioscaí a bhaineann le hiompar a laghdú.<br>2. Saolré ár mbonneagair thaistil a shíneadh agus barr feabhais a chur ar an úsáida bhaintear as, chun an gá a íoslaghdú atá le bonneagar nua a thógáil.<br>3. Ár gcórais iompair a chothabháil lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte, athléimneach agus ar fáil lena n-úsáid.<br>4. Bearta a thabhairt isteach chun tacú le carbón agus astaíochtaí eile inár n-oibríochtaí a laghdú.<br>5. Tacú le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ar nós soghluaisteacht chomhoibritheach cheangailte agus uathoibrithe.<br>6. An t-eolas a theastaíonn ónár gcustaiméirí a sholáthar. |
| **Bonneagar Nua**<br>Bonneagar náisiúnta bóithre, iarnróid éadroim, meitreo agus Taistil Ghníomhaigh a sholáthar, a chuireann le borradh dlúth, soghluaisteacht inbhuanaithe, inrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach agus an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin. | 1. Básanna agus gortuithe a bhaineann leis an iompar a laghdú trínár mbonneagar a nuachóiriú.<br>2. Tacú le téarnamh geilleagrach na hÉireann trí ghluaiseacht éifeachtúil daoine agus táirgí.<br>3. Feabhas a chur ar inrochtaineacht réigiúnach, freastal ar riachtanais oibreoirí bus agus a bpaisinéirí, agus feabhas a chur ar bhealaí ríthábhachtacha líne tharrthála go dtí pobail tuaithe san áireamh.<br>4. Bonneagar a sholáthar a thacaíonn le córais iompair ísealcharbóin agus le laghduithe ar astaíochtaí, lena n-áirítear bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtú ar fud líonraí BIÉ.<br>5. Scéimeanna móra iompair a phleanáil agus a dhearadh chun taisteal gníomhach agus iompar poiblí a spreagadh.<br>6. Úsáid bhreise a bhaint as táirgí ísealcharbóin inár dtionscadail tógála a chur chun cinn.<br>7. Bithéagsúlacht a fheabhsú laistigh de thalamh arna rialú ag BIÉ agus iarracht a dhéanamh glanghnóthachan a bhaint amach ar thionscadail amach anseo. |
| **Seirbhísí**<br>Córais iarnróid éadroim, dolaí agus rialaithe tráchta BIÉ a oibriú agus cur le leictriú agus digitiú an iompair, a rachaidh chun sochair ár gcustaiméirí agus a chuirfidh le soghluaisteacht inbhuanaithe agus dícharbonú an iompair. | 1. An úsáid is fearr a bhaint as córas iarnróid éadroim agus seirbhísí bóithre náisiúnta BIÉ, lena tacaíonn an nuálaíocht agus feabhsúcháin leanúnacha ar fheidhmíocht.<br>2. Beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht éilimh, chun aistriú córa iompair a dhreasú.<br>3. Seirbhísí eFlow, Thollán Bhaile Átha Cliath, idir-inoibritheachta agus an Dreasacht Dolaí Feithiclí Astaíochtaí Ísle a oibriú, a chuirfidh le beartais náisiúnta a sholáthar don tsoghluaisteacht, cistiú bonneagair agus Margadh Glas na hEorpa.<br>4. Tacú le bearta laghdaithe carbóin agus iad a fhorbairt san earnáil iompair.<br>5. Infheistiú i gCórais Iompair Chliste Chomhoibritheacha chun feabhas a chur ar ár seirbhísí.<br>6. Leanúint le caighdeáin dearaidh a bhaint amach le haghaidh bóithre agus droichead.<br>7. Laghdú 72% a bhaint amach ar ár n-astaíochtaí raon feidhme 1 agus raon feidhme 2 agus na heilimintí de raon feidhme 3 ar féidir linn tionchar a imirt orthu roimh 2030, i gcomhthéacs riachtanas na hearnála iompair a cuid astaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030, mar chuid den aistriú mórscála idir na hearnálacha iompair agus fuinnimh chun spriocanna aeráide domhanda a bhaint amach. |

# Cuspóirí Straitéiseacha




| Spriocanna | Cuspóirí Straitéiseacha |
|---|---|
| **Sábháilteacht**<br>An riosca i dtaobh imbhuailtí, gortuithe agus básanna ar á mbonneagar iarnróid éadroim agus bóithre agus an líon díobh a laghdú. | 1. Aghaidh a thabhairt ar ghníomhartha BIÉ i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais.<br>2. Díriú ar infheistíocht bunaithe ar anailís ar shonraí faoi imbhuailtí agus ar chur chuige réamhghníomhach.<br>3. Feabhas leanúnach a chur ar shábháilteacht oibrithe a thugann faoi thógáil agus oibríochtaí BIÉ.<br>4. Teicneolaíochtaí nua, caighdeáin agus nósanna imeachta dearaidh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar shábháilteacht i ngréasáin BIÉ.<br>5. Cultúr sábháilteachta BIÉ a neartú trí cheannaireacht, rannpháirtíocht agus cumarsáid.<br>6. Córais iarnróid éadrom agus meitreo a sholáthar atá sábháilte do chách. |
| **Daoine**<br>Cumas ár ndaoine a chothabháil, a fheabhsú agus a shaothrú, agus luachanna BIÉ á gcur chun cinn i gcomhthráth, lena chinntiú go soláthraítear ár spriocanna. | 1. Eispéireas dearfach a sholáthar d'fhostaithe, agus éagsúlacht agus ionchuimsiú á gcothú.<br>2. Tacú le forbairt phearsanta, agus cumas fhoireann BIÉ a spreagadh agus a fhorbairt.<br>3. Pleanáil dea-chleachtais an lucht saothair a leabú fad a fhreagraímid do chúinsí a bhfuil athrú ag teacht orthu ionas go mbeidh an líon ceart daoine againn a bhfuil na scileanna cearta acu chun ár sainordú a chomhlíonadh.<br>4. Eolas agus saineolas BIÉ a chothabháil, a fhorbairt agus a roinnt. |
| **Rannpháirtíocht agus Comhoibriú**<br>Páirt a ghlacadh agus comhoibriú, agus comhpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh le páirtithe seachtracha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, chun tacú lenár straitéis a bhaint amach. | 1. Caidreamh a chothú agus a chothabháil le páirtithe leasmhara agus soláthraithe seachtracha, tuiscint a chothú i measc ár bpáirtithe leasmhara ar a bhfuil de dhíth orainn chun ár straitéis a sheachadadh, agus tacú le RI le forbairt beartais.<br>2. Ár gconarthaí a sholáthar agus a bhainistiú go freagrach.<br>3. Páirt a ghlacadh i dtaighde agus i gcomhoibriú chun tacú le nuálaíocht agus dea-chleachtas.<br>4. Cumarsáid a dhéanamh leis na pobail a ndéanann tionscadail BIÉ difear dóibh.<br>5. Teagmháil a dhéanamh le soláthraithe lena chinntiú go gcuirtear ár bprionsabail inbhuanaitheachta i bhfeidhm.<br>6. Feasacht ar obair, saineolas agus tionchar BIÉ a mhéadú. |
| **Sármhaitheas Eagraíochta**<br>Dea-chleachtas sa rialachas agus sa bhealach a thugaimid faoinár ngnó in BIÉ a chur i bhfeidhm, ardchaighdeán gairmiúlachta, comhlíonta, dearbhaithe a bhaint amach agus luach ar airgead a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid. | 1. Cultúr dea-rialachais in BIÉ a chur chun cinn, ar aon dul le prionsabail an rialachais atá infheidhme maidir le comhlachtaí poiblí.<br>2. Córas agus struchtúir dhaingne rialaithe a chur chun feidhme a chinntíonn comhlíonadh agus cuntasacht.<br>3. Nuálaíocht agus glacadh le modhanna agus teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn.<br>4. Tuairisciú ar ár bPrionsabail Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm.<br>5. Tuairisciú ar an Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm.<br>6. Ár n-acmhainní a fhorbairt chun úsáid a bhaint as eolaíocht sonraí agus anailísíocht chun líonraí iompair BIÉ a bhainistiú agus a bharrfheabhsú ar bhealach níos fearr, agus a roinnt lenár bpáirtithe leasmhara dá gcuid oibre.<br>7. Seirbhísí atá éifeachtach, éasca le húsáid agus freagrúil a sheachadadh do chustaiméirí BIÉ. |

# Iarscríbhinn - Ráiteas Straitéise - Athbhreithnithe - Deireadh Fómhair 2023



Ghlac Bord BIÉ le Ráiteas Straitéise 2021-2025 BIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2020. I bhfianaise na timpeallachta athraithe, agus na mbeartas agus na straitéisí nua Rialtais ar glacadh leo i mblianta tosaigh na straitéise, rinne BIÉ athbhreithniú ar an straitéis le linn 2023. Shainaithin sé deich réimse le cur leis an mbunleagan 2020. Tá na hathruithe sin curtha san áireamh sa doiciméad thuas. Soiléirítear sa liosta thíos don léitheoir cad iad na hathruithe sin:

‘Seirbhísí’ agus ‘timpeallacht’ a ionchorprú inár bhFís

Cuspóir straitéiseach nua maidir le bithéagsúlacht a chur leis (Bonneagar Nua 7)

Téacs breise a bhaineann le luchtú feithiclí leictreacha a chur leis (Bonneagar Nua 4)

Cuspóir straitéiseach nua a chur leis chun ról BIÉ mar eagraíocht iarnróid a léiriú (Sábháilteacht 6)

Cuspóir straitéiseach nua maidir le bainistíocht sonraí / anailís / eolaíocht a chur leis (Sármhaitheas Eagraíochtúil 6)

Téacs breise a bhaineann le rannpháirtíocht geallsealbhóirí a chur leis (Rannpháirtíocht agus Comhoibriú 1)

Cuspóir straitéiseach nua a chur leis faoi Rannpháirtíocht agus Comhoibriú (6)

Téacs breise a bhaineann le cumas eagraíochtúil a chur leis (Daoine 3)

Cuspóir straitéiseach nua maidir le dícharbónú a chur leis (Seirbhísí 7)

Cuspóir straitéiseach nua a bhaineann le custaiméir BIÉ a chur leis (Sármhaitheas Eagraíochtúil 7)

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Bonneager Iompair Élireann
Ionad Gnó Gheata na Páirce
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8
Éire, D08 DK10

Transport Infrastructure Ireland
Parkgate Business Centre
Parkgate Street
Dublin 8,
Ireland, D08 DK10

www.tii.ie
info@tii.ie
+353 (01) 646 3600
+353 (01) 646 3601